Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2013

Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála

Eolaíocht Talmhaíochta

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Pointí Ginearálta

- Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh.

- Ní foláir don scrúdaitheoir an scéim seo a leanúint go dlúth agus níl cead marcanna a thabhairt i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime.

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Tá an fhaisnéis agus smaointe sna pointí seo a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

- Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile.

- Má chinneann an scrúdaitheoir go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir, agus sa chás nach bhfuil aon fhoráil leagtha amach sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don Scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach i dtosach báire roimh mharcanna a bhronnadh. Go ginearálta, má bhíonn amhras ar bith ar an scrúdaitheoir an bhfuil freagra faoi leith ceart ba cheart dó/di dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.

- Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas (/) eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe áirithe. Is malairt focal nó nath arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.

- Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dúil nó comhdhúil. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna arb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin. Soiléirítear seo laistigh den scéim.

Freagraí ar Ceal

- Má chuirtear ar ceal an t-aon fhreagra a thugtar, déan neamhaird den chealú agus marcáil mar is gnách.

- Má dhéantar freagra a chealú agus má thugtar an dara leagan ar an bhfreagra, ba cheart duit glacadh leis an gcealú agus marcanna a bhronnadh air, sa chás go dtuilltear amhlaidh, i gcomhair an leagain nár cealaíodh amháin.

- Má thugtar dhá leagan neamhchealaithe de fhreagra ar an gceist chéanna nó ar chuid de cheist, marcáil an dá leagan agus glac leis an bhfreagra a thuilleann an méid is airde marcanna. Ní féidir leat, áfach, pointí ón dá leagan a chur le chéile agus iomlán ceaptha a bhaint amach.

Freagraí Farasbairr

- I Roinn a hAon, cuirtear ar ceal na marcanna a bhronntar i leith freagra cheart sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.

  e.g. Ceist: Roghnaigh dhá phór déiríochta ón liosta de phórtha eallaigh:

  Charolais Freaslannach Simmental Geirseog Hereford

  Scéim Mharcála: Freaslannach/ Geirseog/ Simmental. Dhá cheann ar bith 2 x 1 mharc

  Freagraí samplacha:

  Freaslannach, Geirseog agus Hereford – tá freagra farasbairr tugtha agus é contráilte, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir 2 – 1 = 1 mharc.

Gnáthnósanna

- Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra sa scéim mharcála anonn ón bhfreagra ar thaobh na láimhe deise.
- Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra mar seo, mar shampla: 3 x 4 mharc. Ciallaíonn sé seo go bhfuil trí chuid sa fhreagra, agus go dtugtar 4 mharc do gach cuid.
- Bronn marcanna aonaid ar leithligh, e.g. má ghabhann 3(3) mharc le freagra, scríobh: trí '3' ar leithligh, faoina chéile, sa chéad cholún san imeall ar thaobh na láimhe deise.
- Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist e.g. d'fhéadfadh trí pháirt a bheith ag baint le ceist – (i), (ii), (iii) agus 12 marc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála:

  6 mharc + 3 mharc + 3 mharc. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc i leith an chéad fhreagra chirt agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.
- Úsáidtear lúibíní cearnógacha/ *cló iodálach* nuair atá aird an scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.
- Ba cheart marc iomlán gach ceiste a scríobh in aice le huimhir na ceiste agus ciorcal a tharraingt timpeall air.
- Ba cheart an t-iomlán carnach a scríobh i gcúinne íochtarach deas gach leathanaigh ar a mbíonn iomlán ceiste le sonrú.
- Ní mór an uile leathanach bán a mharcáil lena chur in iúl go ndearnadh iniúchadh orthu.

ROINN a hAON

Ceist 1. (5 x 4m)

A	*B*
Fiabhras Bainne	*Easpa cailciam*
Galar scrathach caorach	*An fhíneog chlaimhe is cúis leis*
Maistíteas	*Galar baictéarach an útha*
An Buinne Dearg	*An prótasón Babesia is cúis leis*
Tinneas breithe cúpla uan	*Easpa cothaithe ag na caoirigh*
Tinneas na n-alt	*Téann baictéir isteach tríd an imleacán*

Ceist 2. (5 x (2m + 2m))

Meaisín	***(a) Litir***	***(b) An phríomhúsáid ar fheirmeacha***
Rollóir	E	Scraithíní móra a bhriseadh/ dromchla ithreach a smúdáil nó a chothromú/ ithir a bhalcadh/ síolta a adhlacadh/ teagmháil síl-ithreacha a fheabhsú/ talamh sadhlais a rolladh
Cliath dhiosca	D	Ceapach síl a ullmhú/ ithir a dhianscaoileadh/ ithir a shaothrú
Comhbhuainteoir	B	Fómhar a dhéanamh ar bharra (gránaigh)
Céachta fo-ithreach	C	Briseann sé ithir/ scaoileann sé ithir/ ardaíonn sé dlúthú ithreach/ briseann sé caolchiseal ithreach
Suaiteoir féir	A	Croitheann sé féar (nó féar tirim)/ deighleann sé féar/ tiontaíonn sé féar tirim/ bailíonn sé féar tirim ina línte (don bhurláil)

Ceist 3.

(a) Kerr Pink/ Rooster/ Golden Wonder/ Record/ Cara/ Maris piper **4m**

(b) Saor ó aifidí/ leathadh laghdaithe galar **4m**

(c) Spraeáil/ fuingicíd/ taoscadh/ cineálacha frithsheasmhacha/ gais a dhó/ síol deimhnithe/ seachain plandaí dríodair/ scoith dumpaí prátaí/ uainíocht/ tóg plandaí fabhtaithe
Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

(d) Caocha rua/ aifidí/ cótaí leathair **4m**

Ceist 4. (10 x 2m)

(a) F
(b) F
(c) B
(d) F
(e) B
(f) B
(g) B
(h) F
(i) B
(j) F

Ceist 5. (5 x 4m)

(a) Coilleadh (ainmhithe fireannacha)/ brúitear an corda speirmiteach/ gearrtar an soláthar fola chuig na huiríocha
(b) Uchtú nó altramú uan
(c) Téann sé an t-ainmhí/ téann sé ainmhithe fuaraithe/ coisceann sé reo uisce i bhfoirgnimh feirme.
(d) Stóráil bainne lena bhailiú/ fuarú bainne/ cosc baictéar/ coisceann sé géarú bainne
(e) Cuidíonn sé leis an bpróiseas breithe lao

Ceist 6.

(a) (i) Táirgeann an bhó bainne agus mairteoil araon **4m**
(ii) 6000 – 12,000 litir. **4m**
(iii) 7 – 8 mbliana. **4m**

(b) Aois/ galar/ neamhthorthúlacht/ bacaí/ áireamh ard ceall/ grádú/ deacrachtaí le breith lao/ tál íseal bainne/ caighdeán lag bainne Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

Ceist 7. (5 x 4m)

(a) Eisítear aer/ soláthraítear riochtaí anaeróbacha/ cumasaítear giosáil/ spreagtar baictéir aigéid lachtaigh/ laghdaítear méid an phoill

(b) Coisctear bunlobhadh/ coisctear scalladh cois/ laghdaítear bacaí/ maraítear baictéar/ coisctear galar sna cosa

(c) Soláthraítear mianraí nó mianra ainmnithe/ coisctear teiteanas féir/ coisctear fiabhras bainne/ cinntítear go mbaineann na ba buaictháirgeacht amach/ forlíontar sadhlas nó féar

(d) Forbairt chogansaí níos gaiste/ gné scrafa/ cuirtear baictéir sa chongasach

(e) Coisctear an riosca díobhála nó báis/ neartú gás nimhiúil nó gás ainmnithe laistigh

ROINN a DÓ

Ceist 8.

(a) (i) Cruithneacht/ Coirce/ Grán Buí Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

(ii) Bia ainmhithe/ dlúthbhianna/ brachadh nó grúdaireacht nó driogadh
Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

(b)
(i) Ithir dhúrabháin (ghainmheach)/ draenáil mhaith/ aerú maith/ ithir dhonn nó ithir phodsalach liathdhonn/ pH 6.5-7.0/ torthúil Ceann ar bith **4m**

(ii) *Eorna earraigh*: Feabhra-Aibreán/ *Eorna gheimhridh*: Meán Fómhair-Samhain/ druil arbhair comhdhruilire/ síol curtha 3-5 cm faoin talamh/ ráta síolaithe 200 kg an ha./ línte 18 cm óna chéile Ceann ar bith **4m**

(iii) Spraeáil/ luibhicíd/ uainíocht/ tarraingt/ síol deimhnithe. Ceann ar bith **4m**

(iv) Comhbhuainteoir/ comhartha amháin aibíochta/ dáta fómhair: *Eorna earraigh*: Meán Fómhair-Deireadh Fómhair/ *Eorna gheimhridh*: Iúil-Lúnasa.
[*Ní mór go dtiocfadh an dáta fómhair leis an dáta síolchuir i gcuid (ii)*]
Ceann ar bith **4m**

(c) De réir cineáil/ glaine (íosta)/ ráta ard péactha/ saor ó choirce fásaigh/ síol cóireáilte.
Trí cinn ar bith **3 x 4m**

(d) Síolta/ áireamh/ maothaigh (ar feadh 24 uair)/ tráidire síolta nó gabhdán oiriúnach/ olann chadáis nó meán oiriúnach fáis/ áit the/ uisciú rialta/ fág ar feadh tréimhse oiriúnach/ áirigh na síolta péactha/ athdhéan don mheán/ cóimheastóir/ ríomh an % péactha.
[*Bronn uasmhéid 16 mharc má fhágann an t-iarrthóir (tagairt do) ríomh an % péactha ar lár*] Cúig cinn ar bith **5 x 4m**

Ceist 9.

(a) (i) Lanrásach/ Mórmhuc Bhán/ Duroc Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

(ii) Lanrásach: Cruth maith/ corp fada/ liamhása móra/ guaillí beaga. **4m**

Mórmhuc Bhán: Bisiúil/ fás gasta/ cáilíocht mhaith feola/ cóimheas comhshóite beatha (FCR) maith **4m**

(b)
Bearradh fiacla/ sciotadh eireabaill/ instealladh iarainn/ tumadh imleacáin/ eangú cluaise/ lampa infridhearg/ soláthar uisce/ gruth túis nó a chinntiú go ndiúlann an banbh an chráin
Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

(c)
(i) *Cró cránach seisce:* Teocht 20°C/ beatha breise tugtha do chránacha caola/ brath éastrais/ cúpláilte ar an dara lá d'éastras/ freastal dúbailte/ nite/ dímhíolú/ dífhabhtaithe/ bogtha go teach cráinbhreithe seachtain roimh an dáta cráinbhreithe/ soláthar uisce úir.
Trí cinn ar bith **3 x 3m**

(ii) *Cró ramhraitheora*: grúpáilte de réir méide/ cuid ramhraithe/ beathaithe ad lib/ 15% próitéine/ lísín/ teocht 22°C/ teorainn ar bheathú an dá sheachtain dheireanacha/ rialú galar/ sláinteachas maith/ meáchan sprice 80-82 kg/ maru roimh sé mhi. Trí cinn ar bith **3 x 3m**

(d) (i) *Cóimheas comhshóite bia (FCR sa Bhéarla):* Méid beathaithe a theastaíonn chun 1 kg de bhreisiú beomheáchain (LWG) a tháirgeadh. **5m**

(ii) *Céis:* Muc bhaineann (óg) nach raibh ál banbh aici go fóill. **5m**

(iii) *Cliathbhosca breithe:* Coinnítear an chráin ann le linn cráinbhreithe/ stopann sé an chráin ó luí ar na bainbh/ cumasaíonn sé diúlaire éasca. **5m**

(iv) *Dímhíolú:* Cóireáil chun ionfhabhtú míolta a chosc **5m**
[*Glac le chun seadáin (sheachtracha) a chosc*]

Ceist 10.

(a)

(i) *<u>Pórtha Briotanacha</u>*: Hereford/ Aberdeen Angus **4m**

<u>Pórtha Mór-Roinne</u>: Charolais/ Limousin/ Simmental/ Belgian Blue **4m**

(ii) *<u>Pórtha Briotanacha</u>*:

Buntáiste: Níos láidre/ éascú breithe lao/ mairteoil oiriúnach do mhargadh na hÉireann/ níos lú beathaithe. **3m**

Míbhuntáiste: Luath-aibiú/ rátaí malla fáis/ (conablaigh) níos raimhre **3m**

<u>Pórtha Mór-Roinne:</u>

Buntáiste: Níos trua/ níos troime/ fás níos gasta/ aibíocht mhall/ oiriúnach d'easpórtáil/ cruth níos fearr **3m**

Míbhuntáiste: Níos laige/ deacracht le breith lao/ ró-throm/ leibhéal ard beathaithe **3m**

(b)

(i) Tús an chéad gheimhridh: 200-230 kg **4m**

(ii) Cur faoi dhíon sa dara geimhreadh: 470-490 kg **4m**

(iii) Marú: 550-750 kg **4m**

(c) Curtha faoi dhíon i nDeireadh Fómhair-Samhain/ lataí nó leabaí tuí nó cubhachailí/ spás urláir imleor/ aerú maith/ gan seoidire ar bith/ tirim/ te/ soláthar uisce (úir)/ spás trach imleor/ sláinteachas maith nó glaineacht mhaith/ cumas coimeádta sciodair dóthanach/ rochtain éasca. Ceithre cinn ar bith **4 x 4m**

(d) *<u>Tréimhse stóir</u>*: Leibhéal measartha beathaithe sa gheimhreadh/ fásann an fráma/ ní tháirgtear mórán matán breise/ laghdú ar ráta an mhéadaithe meáchain/ spriocbhreisiú beomheáchain (LWG) de 0.2 - 0.5 kg. Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

<u>Fás cúiteach</u>: leibhéal níos airde fáis/ le linn an tsamhraidh ar féarach/ i ndiaidh tréimhse de bheathú teoranta le linn an gheimhridh/ breisiú beomheáchain (LWG) níos airde ná breisiú beomheáchain (LWG) an ainmhí a beathaíodh go maith i rith an gheimhridh/ meánbhreisiú beomheáchain (LWG) de 0.8 - 1.0 kg

Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

[Bronn 6 mharc i ngach cás nuair a tharraingítear graf, agus san áit ina bhfuil na tearmai "treimhse stoir" agus "fas cúiteach" lipéadaithe agus a bhfuil na haiseanna lipéadaithe]

Ceist 11.

(a) (i) Corp deighilte/ tripleablastach/ céalómach/ séití/ siméadracht dhéthaobhach/ neifridiamaí/ déghnéasach. [*Glac le cliteal*] Dhá cheann ar bith **2 x 2m**

(ii) Feabhsaítear an draenáil/ feabhsaítear an t-aerú/ measctar ithir (sraitheanna ithreach)/ dianscaoiltear ábhar orgánach/ cruthaítear húmas/ doimhnítear barrithir/ cuireann táirgí eisfheartha cothaithigh leis an ithir/ feabhsaíonn cuiteoga marbh cion ábhair orgánaigh na hithreach. Trí cinn ar bith **3 x 3m**

(iii) Marcáil limistéar/ cuadraí/ conas ar socraíodh cuadraí/ tóg an fásra/ cuir tuaslagán sármhanganáit potaisiam nó tuaslagán leacht níocháin air/ fan go mbeidh tréimhse oiriúnach caite/ áirigh na cuiteoga taobh isteach den chuadraí/ iolraigh líon na gcuiteog faoi 10,000/ áirigh arís/ ríomh meánlíon na gcuiteog.
Cúig cinn ar bith **5 x 3m**

(b) (i) Máthairábhar/ aeráid/ orgánaigh bheo/ topagrafaíocht nó fána/ am.
Trí cinn ar bith **3 x 3m**

(ii) Léaslíne O dhomhain/ léaslíne nó sraith mheathbhán nó láiste (A2) / léaslíne nó sraith rua nó dhorcha (B2)/ panna iarainn/ drochdhraenáil nó fliuch/ máthairábhar aigéid/ móin ar bharr/ líon ard báistí. Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

[Bronn 8 marc má tharraingítear léaráid agus dhá cheannde na cinn thuas lipéadaithe]

(c) (i) Ardaíonn sé pH na hithreach/ laghdaíonn sé aigéadacht na hithreach.
Ceann ar bith **3m**

(ii) Cuireann sé cáithníní ithreach le chéile/ feabhsaíonn sé an struchtúr/ feabhsaíonn sé aerú/ feabhsaíonn sé an draenáil/ cuireann sé iain cailciam (Ca^{2+}) ar fáil
Dhá cheann ar bith **2 x 2m**

(d) Méadaíonn sé cion ábhair orgánaigh/ méadaíonn sé cion húmais/ soláthraíonn sé cothaithigh ithreach nó cothaitheach ithreach ainmnithe nó méadaíonn sé torthúlacht/ méadaíonn sé an daonra cuiteog san ithir/ feabhsaíonn sé struchtúr na hithreach/ feabhsaíonn sé aerú/ (foinse ábhair orgánaigh atá) saor/ dóigh áisiúil diúscartha
Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

Ceist 12.

(a) (i) Taifeadadh gnéithe sleachta tairbh/ agus a fheidhmíocht a chur i gcomparáid le tairbh eile/ a choinnítear sna dálaí céanna. Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

(ii) Feidhmíocht fheabhsaithe/ rátaí méadaithe fáis/ táil bhainne mhéadaithe/ torthúlacht mhéadaithe i measc muc nó caorach/ gnéithe eile a bhaineann leis an innéacs póraithe geilleagrach (EBI) e.g. sláinte. Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

(b)

(i)
A Cíteaplasma
B Núicléas
C Clóraplast
D Folúisín
E Cillbhalla **5 x 2m**

(ii) Núicléas / B **3m**

(iii) Tá na géinte iontu/ tá faisnéis oidhreachtúil iontu **3m**

(c)

(i) Gaiméití:	(G)	(g)	**2 x 4m**
(ii) Géinitíopa F1:	(Gg)		**4m**
(iii) Feinitíopa F1:	<u>Glas</u>		**4m**

(d)

(i) Géinitíopaí:	(gg)	x	(Gg)	**2 x 2m**
(ii) Gaiméití:	(g)	x	(G) (g)	**3 x 2m**
(iii) Géinitíopaí an tsleachta:	(Gg)		(gg)	**2 x 2m**
(iv) Feinitíopaí an tsleachta:	<u>Glas</u>		<u>Ailbíneach</u>	**2 x 1m**

Ceist 13. Freagair dhá cheann ar bith de na codanna. **(30m + 30m)**

(a) (i) Sprús (Sitceach)/ péine (Contórtach)/ learóg (Sheapánach)/ giúis
Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

(ii) Draenáil an talamh/ cruthaigh dumhaí/ spásáil 2 m x 2 m/ tá 4 m^2 ag gach crann/ 2500 crann in aghaidh an heicteáir. Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

(iii) <u>*Cén fáth?*</u> Laghdaíonn sé iomaíocht/ feabhsaíonn sé fás crann/ plúchann fiailí crainn óga.
Ceann ar bith **4m**

<u>*Cén chaoi?*</u> Spraeáil/ luibhicídí/ gearradh/ satailt. Ceann ar bith **4m**

(iv) Tógann sé crainn níos laige/ méadaíonn sé spás/ níos lú iomaíochta/ fásann na crainn atá fágtha níos fear/ táirgí úsáideacha ó thanúchán nó foinse ioncaim/ feabhsaíonn sé rochtain. Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

(b)
(i) A: Seagalach ilbhliantúil.
B: Fiteog léana.
C: Seagalach Iodálach.
D: Garbhfhéar. **4 x 4m**

(ii) Seagalach ilbhliantúil nó PRG/ seagalach Iodálach nó IRG/ seamair (dhearg nó bhán)
Dhá cheann ar bith **2 x 3m**

(iii) *PRG:* Dianseasmhach/ ardtáirgiúlacht nó ardtoradh/ dea-bhlasta/ cuireann sé meathán íochtair go bríomhar/ indíleáite/ ionsaitheach.

Nó

IRG: Ardtáirgiúlacht nó ardtoradh/ dea-bhlasta/ méideanna móra lusra/ séasúr fada fáis/ greim luath do bha.

Nó

Seamair: Dea-bhlasta/ indíleáite/ fosaíonn sé nítrigin/ foinse próitéine/ clúdach maith talún/ saibhir i mianraí.
Dhá cheann ar bith **2 x 4m**

(c)

(i) <u>*Beathú réamhreithíochta*</u>: Caoirigh ar fhéarach lom/ ráta ard stócála/ curtha ar féarach an-mhaith 3-4 seachtaine roimh chúpláil/ coinnithe ar féarach maith ar feadh 3 seachtaine i ndiaidh cúplála/ ráta laghdaithe stócála/ líon méadaithe uibheacha scaoilte/ tréimhsí reite níos rialta/ níos lú caorach aimride/ ionchlannú suth(anna) níos sábháilte. Trí cinn ar bith **3 x 3m**

<u>*Spúinseáil*</u>: Spúinse ina bhfuil hormón nó hormón ainmnithe/ faighin caorach/ bainte aisti i ndiaidh 12-14 lá/ instealladh PMSG/ bíonn caoirigh faoi reitheadh ag an am céanna/ breith uan le chéile/ luath-tháirgeadh uan/ bainistiú níos éasca ar fheirm mheasctha/ laghdú ar chostais saothair. Trí cinn ar bith **3 x 3m**

(ii) Carrchuil nó carrchuil ghlas nó cuil ghorm. **3m**

(iii) Tumadh/ doirteadh feithidicídí ar chaoirigh/ sprae (feithidicídí)/ sciotadh eireaball/ mataí a bhaint d'olann nó olann a ghearradh/ bearradh/ dáileog (chun buinneach a chosc)
Trí cinn ar bith **3 x 3m**

(d)

(i) Léaráid **6m, 3m, 0m**

[*Bronn marcanna iomlána má thaispeántar traicé, broncas, scamhóg agus broincín sa léaráid.*]

[*Bronn trí mharc i gcomhair na léaráide mura dtaispeántar ceann <u>amháin</u> ar bith de na struchtúir thuas]*

Trí lipéad ar bith. **3 x 3m**

(ii) Aerú maith/ vacsaíniú/ ná cuir faoi dhíon iad go dtí go bhfuil siad tirim/ aonraigh stoc a ceannaíodh/ sláinteachas maith. Ceann ar bith **3m**

(iii) Péist aosaigh sna scamhóga/ uibheacha curtha aníos le casacht/ slogtha/ curtha as an gcorp sa bhualtrach/ larbhaí ar an bhféar/ ite ag ainmhithe ag féarach/ téann larbhaí tríd an stéig/ isteach sna scamhóga/ aibíonn larbhaí sna scamhóga.
Trí cinn ar bith **3 x 3m**

(iv) Dáileog/ córas ceannaire-leantóra/ vacsaíniú. **3m**

Leathanach Bán

Leathanach Bán